2026/395

2.6.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/395 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Feabhra 2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a mhéid a bhaineann le liosta na sonraí is gá chun réamheolairí a aicmiú agus liosta na faisnéise is féidir a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí a thabhairt cothrom le dáta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE ([1]), agus go háirithe Airteagail 19(4), 21(13) agus 25(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar chuid de thionscnamh an Ghnímh um Liostú, a bhfuil sé d'aidhm aige margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) dhá chineál nua réamheolairí gearrfhoirme arb é is aidhm dóibh costais agus ualaí ar eisitheoirí a laghdú: an Réamheolaire eisiúna fáis AE, atá ceaptha go príomha do FBManna agus do chuideachtaí atá liostaithe nó atá le liostú ar mhargaí fáis FBManna, agus an Réamheolaire leantach AE, le haghaidh eisiúintí tánaisteacha urrús ag cuideachtaí atá liostaithe cheana féin ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna. Tá na réamheolairí nua sin le cur faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus le foilsiú tríd an gcóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129. Dá réir sin, ba cheart an liosta de na sonraí meaisín-inléite a sholáthraíonn údaráis inniúla do ESMA, a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 ón gCoimisiún ([3]), a thabhairt cothrom le dáta chun na réamheolairí sin a chuimsiú.

(2) De bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), eisitheoirí a eisíonn bannaí atá le hainmniú mar Bhannaí Glasa Eorpacha ('EuGBanna'), foilseoidh siad réamheolaire i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129. Tá réamheolairí den sórt sin le cuimsiú sa chóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar údaráis inniúla sonraí meaisín-inléite a sholáthar do ESMA lena léirítear (i) cé na hurrúis a cháilíonn mar EuGBanna nó mar bhannaí urrúsúcháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(22) de Rialachán (AE) 2023/2631, nuair a ainmnítear iad mar EuGBanna, agus (ii) cé na hurrúis a cháilíonn mar bhannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), den Rialachán sin, nó mar bhannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (6), den Rialachán sin i gcás ina ndéanann eisitheoirí na mbannaí sin nochtaí deonacha de bhun Airteagal 20 den Rialachán sin. Ba cheart liosta na meiteashonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

([1]) IO L 168, 30.6.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le faisnéis airgeadais bhunriachtanach san achoimre ar réamheolaire, foilsiú agus aicmiú réamheolairí, fógraí le haghaidh urrús, forlíontaí ar réamheolaire, agus an tairseach fógartha, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 382/2014 ón gCoimisiún agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/301 ón gCoimisiún (IO L 166, 21.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/979/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

(3) Le Rialachán (AE) 2024/2809 tugadh isteach ceanglas ar eisitheoirí na doiciméid díolúine dá dtagraítear in Airteagal 1(4), an chéad fhomhír, pointí (da) agus (db), agus in Airteagal 1(5), an chéad fhomhír, pointe (ba), de Rialachán (AE) 2017/1129, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/2809, a chomhdú lena n-údaráis inniúla. Tugadh isteach leis freisin ceanglas ar ESMA anailís agus staidreamh a chuimsiú ina thuarascáil bhliantúil arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2017/1129 i ndáil lena mhéid a úsáidtear díolúintí den sórt sin ar fud an Aontais. Chun an t-ualach ar údaráis inniúla a íoslaghdú, ba cheart dóibh a bheith in ann na doiciméid sin a chur faoi bhráid ESMA tríd an gcóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129. Ba cheart a chuimsiú san aighneacht sin na meiteashonraí lena gcuirtear ar a chumas do ESMA staidreamh den sórt sin a ullmhú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe sin a léiriú, lena n-áirítear liosta na meiteashonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(4) Le hAirteagal 21a de Rialachán (AE) 2017/1129 ceanglaítear ar údaráis inniúla tógáil, a mhéid is féidir, ar na sásraí a chuirtear chun feidhme chun críocha Airteagal 25(6) den Rialachán sin chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) de a dhéanamh inrochtana ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP). Chun an t-ualach comhlíontachta ar údaráis inniúla agus ar eisitheoirí araon a íoslaghdú, féadfar an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) de Rialachán (AE) 2017/1129 a dhéanamh inrochtana ar ESAP a chomhlíonadh tríd an bhfaisnéis sin a chur ar fáil do ESMA tríd an tairseach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 25(6) den Rialachán sin. Tá an tairseach fógartha le húsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2017/1129 a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán sin chomh maith le haon fhaisnéis bhreise a cheanglaítear le hAirteagal 21a den Rialachán sin nach bhfuil faoi raon feidhme an chórais stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 faoi láthair, mar aon leis na meiteashonraí ábhartha. Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe sin a léiriú.

(5) Tá gá le tuilleadh leasuithe ar na sonraí meaisín-inléite ar féidir iad a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beaga arna sainaithint ag ESMA. Baineann na leasuithe sin le réimse sonraí nua a chur isteach agus le hathruithe ar an bhfaisnéis atá le cuimsiú i réimsí sonraí. Ba cheart liosta na meiteashonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(6) Baineadh tagairt do Threoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) d'Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/1129. De dheasca an athraithe sin, níorbh fhéidir doiciméid atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE, a chorprú de réir tagairtí a thuilleadh. Bhí tionchar aige sin ar eisiúintí idirmhalartacha urrús neamhchothromais a tairgeadh don phobal ar dtús nó a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte faoi Threoir 2003/71/CE, ós rud é gur corpraíodh téarmaí agus coinníollacha na n-urrús sin de ghnáth de réir tagairtí sa réamheolaire arna fhormheas faoi Rialachán (AE) 2017/1129. Chun méadú ar ualach riaracháin na n-eisitheoirí a sheachaint, is gá liosta a leagan síos de dhoiciméid bhreise a fhéadfar a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí, thar na doiciméid sin a liostaítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/1129. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí doiciméid a chuimsiú atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil, i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE, chun na ceanglais atá ann cheana a choinneáil ar bun agus chun dúbláil faisnéise a nochtadh agus a foilsíodh cheana faoi dhlí eile de chuid an Aontais a sheachaint.

(7) Le Rialachán (AE) 2023/2631, tugadh isteach teimpléid nochta inbhuanaithe roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht chun comparáid a éascú agus chun aghaidh a thabhairt ar an snas glas. Chun dreasacht a thabhairt d'eisitheoirí na teimpléid nochta réamheisiúna roghnacha sin a úsáid, is gá iad a chur le liosta na ndoiciméad breise a fhéadfar a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí. Laghdódh sé sin na costais a bhaineann leis na nochtaí breise maidir leis na gnéithe d'urrúis a bhaineann le CSR a tharraingt suas agus chuideodh sé le hualaí ar eisitheoirí a bhfuil réamheolaire á tharraingt suas acu a íoslaghdú, i gcomhréir leis na cuspóirí chun an t-ualach rialála agus na costais ar chuideachtaí a laghdú, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, a bhaineann leis an bpróiseas liostaithe.

([5]) Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/71/oj).

(8) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe. Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Níor reáchtáil ESMA comhairliúchán agus anailís phoiblí oscailte ar leithligh i ndáil leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le doiciméid bhreise a chorprú de réir tagairtí i réamheolairí, ós rud é go bhfuil ualach díréireach ag baint leis, i bhfianaise raon feidhme teoranta agus thionchar teoranta na n-athruithe atá beartaithe. I ndáil le doiciméid nochta réamheisiúna roghnacha a chorprú de réir tagairtí faoi Rialachán (AE) 2023/2631, bhailigh ESMA aiseolas ó pháirtithe leasmhara ina Pháipéar Comhairliúcháin i dtaca le dréachtchomhairle theicniúil a bhaineann leis an Rialachán maidir le Réamheolairí agus i dtaca leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí ([7]) a thabhairt cothrom le dáta, agus thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara leis an togra ó ESMA.

(9) Chun an t-ualach ar údaráis inniúla agus ar eisitheoirí a íoslaghdú, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 21a de Rialachán (AE) 2017/1129. Déantar an ailíniú sin chun úsáid na tairsí fógartha arna mbunú in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 a chumasú chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 21a(1) den Rialachán sin inrochtana ar ESAP.

(10) Tá na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo nasctha go substaintiúil lena chéile, ós rud é go leasaítear leo an Rialachán Tarmligthe céanna agus go mbaineann siad den chuid is mó leis na cineálacha nua réamheolairí nó le cineál na faisnéise a chuimsítear iontu, ar bhonn éigeantach nó ar bhonn deonach, mar thoradh ar na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/2809,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979

(1) Cuirtear na hAirteagail 11a agus 11b seo a leanas isteach:

'*Airteagal 11a*

Faisnéis inrochtana ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach

Chun críocha Airteagal 21a de Rialachán (AE) 2017/1129, féadfaidh údaráis inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) a dhéanamh inrochtana ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) trí chóip leictreonach den fhaisnéis sin agus na sonraí is gá chun í a aicmiú sa chóras stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 a sholáthar do ESMA tríd an tairseach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 25(6) den Rialachán sin, i gcomhréir leis na táblaí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 11b

Cóip leictreonach de dhoiciméid díolúine

Féadfaidh údaráis inniúla cóip leictreonach de na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 1(4), pointí (da) agus (db), agus Airteagal 1(5), pointe (ba), de Rialachán (AE) 2017/1129 a sholáthar do ESMA tríd an tairseach fógartha dá dtagraítear in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 le haghaidh na hanailíse dá dtagraítear in Airteagal 47(3), pointe (a), den Rialachán sin.';

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([7]) Páipéar Comhairliúcháin an 28 Deireadh Fómhair 2024 i dtaca le dréachtchomhairle theicniúil a bhaineann leis an Rialachán maidir le Réamheolairí agus i dtaca leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún maidir le meiteashonraí a thabhairt cothrom le dáta (ESMA32-117195963-1276), atá le fáil ag: https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/2024-10/ESMA32-117195963-1276_CP_Listing_Act_Advice_-_Prospectus.pdf.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'*Airteagal 12*

Socruithe praiticiúla chun meaisín-inléiteacht na sonraí a áirithiú

Soláthróidh an t-údarás inniúil na sonraí tionlacain dá dtagraítear in Airteagail 11, 11a agus 11b i bhformáid XML choiteann agus i gcomhréir leis an bhformáid agus leis na caighdeáin a leagtar amach sna táblaí in Iarscríbhinn VII.';

(3) cuirtear isteach an Chaibidil VIa seo a leanas:

'CAIBIDIL VIa

DOICIMÉID LENA gCORPRÚ DE RÉIR TAGAIRTÍ I RÉAMHEOLAIRE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 19 DE RIALACHÁN (AE) 2017/1129

Airteagal 21a

De bhreis ar na doiciméid a leagtar amach in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/1129, féadfar na doiciméid seo a leanas a chorprú de réir tagairtí i réamheolaire:

(a) doiciméid atá formheasta ag údarás inniúil, nó a comhdaíodh le húdarás inniúil, i gcomhréir le Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(b) nochtaí réamheisiúna d'eisitheoirí bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**).

_____

(*) Treoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L 345, 31.12.2003, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/71/oj).

(**) Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).';

(4) Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VII.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (1), (2), agus (4), áfach, ón 10 Iúil 2026 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN VII

SONRAÍ MEAISÍN-INLÉITE ATÁ LE SOLÁTHAR DO ESMA

Tábla 1

Uimhir	Réimse	Ábhar atá le tuairisciú	Formáid agus Caighdeán atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh
1.	Aitheantóir náisiúnta	Aitheantóir uathúil an taifid uaslódáilte, arna shannadh ag an údarás inniúil náisiúnta seolta	{ALPHANUM-50}
2.	Aitheantóir náisiúnta gaolmhar	Aitheantóir uathúil an taifid lena mbaineann an taifead uaslódáilte, arna shannadh ag an údarás inniúil náisiúnta seolta Ní thuairiscítear é i gcás nach bhfuil an t-aitheantóir náisiúnta gaolmhar infheidhme	{ALPHANUM-50}
3.	Ballstát Seolta	Cód tíre an Bhallstáit a d'fhormheas an taifead uaslódáilte nó lenar comhdaíodh an taifead uaslódáilte	{COUNTRYCODE_2}
4.	An Ballstát/na Ballstáit is Faighteoir	Cód tíre an Bhallstáit/na mBallstát a bhfuil fógra le tabhairt faoin taifead uaslódáilte chuige/chucu nó a bhfuil sé le sonrú dó/dóibh I gcás ina sonrófar Ballstáit iomadúla, déanfar réimse 4 a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{COUNTRYCODE_2}
5.	Cineál doiciméid	An cineál doiciméid/doiciméad a uaslódáladh	Rogha ó liosta réimsí réamhshainithe: — "BPFT" – Réamheolaire bunaidh ina bhfuil téarmaí críochnaitheacha — "BPWO" – Réamheolaire bunaidh nach bhfuil téarmaí críochnaitheacha ann — "STDA" – Réamheolaire neamhspleách — "REGN" – Doiciméad clárúcháin — "URGN" – Doiciméad clárúcháin uilíoch — "SECN" – Nóta mínithe urrús — "FTWS" – Téarmaí críochnaitheacha, lena n-áirítear achoimre ar an tsaincheist ar leith atá i gceangal leo — "SMRY" – Achoimre — "SUPP" – Forlíonadh — "SUMT" – Aistriúchán ar an achoimre — "APPT" – Aistriúchán ar an bhfoscríbhinn — "COAP" – Deimhniú Formheasta — "AMND" – Leasú — "EXMP" – Doiciméad díolúine faoi Airteagal 1(4), pointe (da), Airteagal 1(4), pointe (db), Airteagal 1(5), pointe (ba), Airteagal 1(4), pointe (f), Airteagal 1(4), pointe (g), Airteagal 1(5), pointe (e), nó Airteagal 1(5), pointe (f), de Rialachán (AE) 2017/1129

Uimhir	Réimse	Ábhar atá le tuairisciú	Formáid agus Caighdeán atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh
			— "FOPA" – Praghas na tairisceana críochnaithí agus méid na n-urrús faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2017/1129 I gcás ina gcuirfear doiciméid iomadúla isteach, déanfar réimse [5] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá chun tuairisc a thabhairt ar gach doiciméad atá sa taifead
6.	Catagóir na díolúine	An chúis leis an díolúine Is féidir níos mó ná catagóir amháin a roghnú	— "EDPR" – Doiciméad díolúine faoi Airteagal 1(4), pointe (da), Airteagal 1(4), pointe (db), nó Airteagal 1(5), pointe (ba), de Rialachán (AE) 2017/1129 [urrúis idirmhalartacha] — "EDMD" – Doiciméad díolúine faoi Airteagal 1(4), pointe (g), nó Airteagal 1(5), pointe (f), de Rialachán (AE) 2017/1129 [cumasc nó deighilt] — "EDTK" – Doiciméad díolúine faoi Airteagal 1(4), pointe (f), nó Airteagal 1(5), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/1129 [táthcheangal]
7.	Cineál struchtúir	An fhormáid a roghnaíodh don réamheolaire	Rogha ó liosta réimsí réamhshainithe: — "SNGL" – Réamheolaire doiciméid aonair — "SPWS" – Réamheolaire ina bhfuil doiciméid ar leithligh lena ngabhann achoimre — "SPWO" – Réamheolaire ina bhfuil doiciméid ar leithligh gan achoimre
8.	Dáta formheasa nó dáta comhdaithe	An dáta a formheasadh nó a comhdaíodh an taifead uaslódáilte	{DATEFORMAT}
9.	Teanga	An teanga de chuid an Aontais ina bhfuil an taifead uaslódáilte dréachtaithe	{LANGUAGE}
10.	Ainm caighdeánaithe an tairgeora	Ainm agus sloinne an tairgeora i gcás gur duine nádúrtha é an tairgeoir I gcás ina sonrófar tairgeoirí iomadúla, déanfar réimse [10] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{ALPHANUM-280}
11.	Ainm caighdeánaithe an ráthóra	Ainm agus sloinne an ráthóra i gcás gur duine nádúrtha é an ráthóir I gcás ina sonrófar ráthóirí iomadúla, déanfar réimse [11] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{ALPHANUM-280}

Uimhir	Réimse	Ábhar atá le tuairisciú	Formáid agus Caighdeán atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh
12.	LEI an Eisitheora	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh an eisitheora I gcás ina sonrófar eisitheoirí iomadúla, déanfar réimse [12] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{LEI}
13.	LEI an Tairgeora	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh an tairgeora I gcás ina sonrófar tairgeoirí iomadúla, déanfar réimse [13] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{LEI}
14.	LEI an Ráthóra	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh an ráthóra I gcás ina sonrófar ráthóirí iomadúla, déanfar réimse [14] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{LEI}
15.	Áit chónaithe an tairgeora	Áit chónaithe an tairgeora i gcás gur duine nádúrtha é an tairgeoir I gcás ina sonrófar tairgeoirí iomadúla, déanfar réimse [15] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{COUNTRYCODE_2}
16.	Áit chónaithe an ráthóra	Áit chónaithe an ráthóra i gcás gur duine nádúrtha é an tairgeoir I gcás ina sonrófar ráthóirí iomadúla, déanfar réimse [16] a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{COUNTRYCODE_2}
17.	FISN	Ainm Gearr Ionstraime Airgeadais an urrúis Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	{FISN}
18.	ISIN	Uimhir Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta	{ISIN}
19.	CFI	Cód Aicmithe Ionstraimí Airgeadais Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	{CFI_CODE}

Uimhir	Réimse	Ábhar atá le tuairisciú	Formáid agus Caighdeán atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh
20.	Airgeadra eisiúna	Cód lena léirítear an t-airgeadra ina n-ainmnítear an luach ainmniúil nó barúlach Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	{CURRENCYCODE_3}
21.	Ainmníocht in aghaidh an aonaid	Luach ainmniúil nó luach barúlach in aghaidh an aonaid san airgeadra eisiúna Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN An réimse is infheidhme maidir le hurrúis a bhfuil ainmníocht shainithe acu	{DECIMAL-18/5}
22.	Aitheantóir nó ainm na sócmhainne foluití	Cód ISIN an urrúis fholuitigh/ innéacs nó ainm an urrúis fholuitigh/an innéacs murab ann do ISIN I gcás bascaed urrús, tá sé le sainaithint dá réir sin An réimse is infheidhme maidir le hurrúis a bhfuil sócmhainn fholuiteach shainithe acu. Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN de na hurrúis sin	I gcás sócmhainn fholuiteach uathúil: — I gcás urrús nó innéacs a bhfuil ISIN aige cheana: {ISIN} — I gcás nach bhfuil aon ISIN ag an innéacs: {INDEX} — Ina mhalairt de chás: {ALPHANUM-50} I gcás sócmhainní foluiteacha iomadúla (níos mó ná ceann amháin): “BSKT”
23.	Dáta aibíochta nó éaga	Dáta aibíochta nó dáta éaga an urrúis, i gcás inarb infheidhme Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN An réimse is infheidhme maidir le hurrúis a bhfuil aibíocht shainithe acu	{DATEFORMAT} I gcás urrúis fiachais shuthain, líonfar réimse 22 leis an luach 9999-12-31.
24.	An méid a thairgtear	An líon urrús a thairgtear Réimse nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le cothromas Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN infheidhme	{INTEGER-18} Mar luach aonair, raon luachanna nó uasmhéid
25.	An praghas a thairgtear	Praghas in aghaidh an urrúis a thairgtear, i luach airgeadúil. Is é airgeadra an phraghais airgeadra na comaoine a thairgtear Réimse nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le cothromas Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN infheidhme	{DECIMAL-18/5} Mar luach aonair, raon luachanna nó uasmhéid “PNDG” i gcás nach bhfuil an praghas a thairgtear ar fáil ach go bhfuil sé ar feitheamh “NOAP” i gcás nach bhfuil an praghas a thairgtear ar fáil

Uimhir	Réimse	Ábhar atá le tuairisciú	Formáid agus Caighdeán atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh
26.	Comaoin a thairgtear	An méid iomlán a thairgtear, i luach airgeadúil airgeadra na comaoine a thairgtear Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	{DECIMAL-18/5} Mar luach aonair, raon luachanna nó uasmhéid "PNDG" i gcás nach bhfuil an chomaoin a thairgtear ar fáil ach go bhfuil sí ar feitheamh "NOAP" i gcás nach bhfuil an chomaoin a thairgtear ar fáil
27.	Airgeadra na comaoine a thairgtear	Cód lena léirítear airgeadra na comaoine a thairgtear Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN.	{CURRENCYCODE_3}
28.	Praghas na tairisceana críochnaithí	Praghas in aghaidh an urrúis a thairgtear, i luach airgeadúil. Réimse nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le cothromas. Réimse nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le tairiscintí críochnaitheacha. Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN infheidhme	{DECIMAL-18/5} Luach aonair
29.	Airgeadra phraghas na tairisceana críochnaithí	Airgeadra na tairisceana críochnaithí. Réimse nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le cothromas.	{CURRENCYCODE_3}
30.	Méid na tairisceana críochnaithí	An líon urrús a thairgtear Réimse nach bhfuil infheidhme ach amháin maidir le tairiscintí críochnaitheacha. Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN infheidhme	{INTEGER-18} Luach aonair
31.	Comaoin na tairisceana críochnaithí	An méid iomlán a thairgtear, i luach airgeadúil airgeadra na comaoine a thairgtear Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	{DECIMAL-18/5} Luach aonair
32.	Cineál an urrúis	Aicmiú catagóirí urrús cothromais agus urrús neamhchothromais Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	Rogha ó liosta réimsí réamhshainithe: Cothromas — "SHRS": Scair — "UCEF": Aonad nó sciar de chistí iata — "CVTS": Urrús in-chomhshóite — "DPRS": Admháil taisclainne — "OTHR": Cothromas eile

Uimhir	Réimse	Ábhar atá le tuairisciú	Formáid agus Caighdeán atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh
			Fiachas — "DWLD": Fiachas a bhfuil ainmníocht EUR 100 000 ar a laghad aige in aghaidh an aonaid — "DWHD": Fiachas a bhfuil ainmníocht níos lú ná EUR 100 000 aige in aghaidh an aonaid — "DLRM": Fiachas ag a bhfuil ainmníocht níos lú ná EUR 100 000 in aghaidh an aonaid a thrádáiltear ar mhargadh rialáilte nach bhfuil rochtain ach ag infheisteoirí cáilithe air — "ABSE": ABS — "DERV": Urrús díorthach
33.	An cineál tairisceana/ ligin isteach	Tacsanomaíocht i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129, Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	Rogha ó liosta réimsí réamhshainithe: — "IOWA": Tairiscint tosaigh gan ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte — "IORM": Tairiscint tosaigh lena ngabhann ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte — "SOWA": Tairiscint thánaisteach gan ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte — "IRMT": Ligean isteach tosaigh chun trádála ar mhargadh rialáilte — "IPTM": Ligean isteach tosaigh chun trádála ar mhargadh rialáilte ó bheith á thrádáil roimhe sin ar shaoráid trádála iltaobhach — "IMTF": Ligean isteach tosaigh chun trádála ar shaoráid trádála iltaobhach lena ngabhann tairiscint don phobal — "SOOA": Tairiscint thánaisteach lena ngabhann ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte — "SIWO": Eisiúint thánaisteach ar mhargadh rialáilte gan tairiscint don phobal — "SIOP": Eisiúint thánaisteach ar shaoráid trádála iltaobhach lena ngabhann tairiscint don phobal
34.	Saintréithe an ionaid trádála inar ligtear an t-urrús isteach chun a thrádála ar dtús	Tacsanomaíocht i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129, Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	Rogha ó liosta réimsí réamhshainithe: — "RMKT": Margadh rialáilte atá oscailte do gach infheisteoir — "RMQI": Margadh rialáilte, nó deighleog de, atá teoranta d'infheisteoirí cáilithe — "MSGM": Saoráid trádála iltaobhach ar margadh fáis FBManna í — "MLTF": Saoráid trádála iltaobhach nach margadh fáis FBManna í
35.	Córas nochta	An uimhir iarscríbhinne ar i gcomhréir léi a dhréachtaítear an réamheolaire faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 I gcás ina sonrófar iarscríbhinní iomadúla, déanfar réimse 35 a thuairisciú an oiread uaireanta is gá	{INTEGER-2} Óna 1 go dtí a [50]

Uimhir	Réimse	Ábhar atá le tuairisciú	Formáid agus Caighdeán atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh
36.	Réamheolaire eisiúna fáis AE	An chúis ar úsáideadh Réamheolaire eisiúna fáis AE	Rogha ó liosta réimsí réamhshainithe: — "S15A": eisitheoirí faoi Airteagal 15a(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/1129 — "I15B": eisitheoirí faoi Airteagal 15a(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/1129 — "I15C": eisitheoirí faoi Airteagal 15a(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/1129 — "O15D": tairgeoirí urrús faoi Airteagal 15a(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/1129
37.	Réamheolaire leantach AE	An chúis ar úsáideadh Réamheolaire leantach AE	Rogha ó liosta réimsí réamhshainithe: — "I14A": eisitheoirí faoi Airteagal 14a(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/1129 — "I14B": eisitheoirí faoi Airteagal 14a(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/1129 — "I14C": eisitheoirí faoi Airteagal 14a(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2017/1129 — "O14D": tairgeoirí urrús faoi Airteagal 14a(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2017/1129
38.	Rialachán (AE) 2023/2631	Bratach lena léirítear cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn an t-urrús mar 'Banna Glas Eorpach' nó 'EuGB', banna a mhargaítear mar bhanna atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó mar bhanna atá nasctha le hinbhuanaitheacht. Ba cheart an réimse seo a líonadh arís le haghaidh gach ISIN	— EuGB: urrús ina n-úsáidtear an t-ainmniú "Banna Glas Eorpach" nó "EuGB" faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/2631 — ESSL: bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de nó bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht agus a ndéanann a n-eisitheoirí nochtaí deonacha faoi Airteagail 20 agus 21 de Rialachán (AE) 2023/2631 — SEGB: banna urrúsúcháin a ainmnítear mar "Banna Glas Eorpach" nó "EuGB" faoi Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2023/2631 I gcás EuGB nó SEGB: {LEI} an athbhreithneora sheachtraigh

Tábla 2

Siombail	Cineál Sonraí	Sainmhíniú
{ALPHANUM-n}	Suas le *n* carachtar alfa-uimhriúla	Réimse saorthéacs
{CFI_CODE}	6 charachtar	Cód Aicmithe Ionstraimí Airgeadais, mar a shainmhínítear in ISO 10962
{COUNTRYCODE_2}	2 charachtar alfa-uimhriúla	Cód tíre 2 litir, mar a shainítear le cód tíre alfa-2 ISO 3166-1
{DATEFORMAT}	Dátaí san fhormáid seo a leanas: BBBB-MM-LL Tuairisceofar dátaí in AUL	Formáid dáta ISO 8601
{LANGUAGE}	Cód 2 litir	ISO 639-1

Siombail	Cineál Sonraí	Sainmhíniú
{LEI}	20 carachtar alfa-uimhriúil	Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh mar a shainmhínítear in ISO 17442
{FISN}	35 charachtar alfa-uimhriúla ag a bhfuil an struchtúr seo a leanas	Cód FISN, mar a shainmhínítear in ISO 18774
{ISIN}	12 charachtar alfa-uimhriúla	Cód ISIN, mar a shainmhínítear in ISO 6166
{CURRENCYCODE_3}	3 charachtar alfa-uimhriúla	Cód airgeadra 3 litir, mar a shainítear le cóid airgeadra ISO 4217
{DECIMAL-n/m}	Uimhir dheachúlach suas le *n* digit san iomlán, a bhféadfaidh suas le *m* digit di sin a bheith ina ndigití codáin	Réimse uimhriúil Is é "." (lán stad) an deighilteoir deachúlach Déantar luachanna a shlánú agus ní chiorraítear iad
{INTEGER-n}	Slánuimhir suas le n digit san iomlán	Réimse uimhriúil
{INDEX}	4 charachtar aibítreacha	"ESTR" – €STR "EURI" – EURIBOR "EUUS" – EURODOLLAR "EUCH" – EuroSwiss "GCFR" – GCF REPO "ISDA" – ISDAFIX "LIBI" – LIBID "MAAA" – Muni AAA "PFAN" – Pfandbriefe "TIBO" – TIBOR "STBO" – STIBOR "BBSW" – BBSW "JIBA" – JIBAR "BUBO" – BUBOR "CDOR" – CDOR "CIBO" – CIBOR "MOSP" – MOSPRIM "NIBO" – NIBOR "PRBO" – PRIBOR "TLBO" – TELBOR "WIBO" – WIBOR "TREA" – Státchiste "SWAP" – SWAP "FUSW" – SWAP Amach Anseo "EFFR" – Ráta Cistí Feidearálacha Éifeachtach "OBFR" – Ráta Cistithe Bainc Thar Oíche "CZNA" – CZEONIA "TONA" – TONA'